Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2023
(OR. en)

10506/1/23
REV 1
PV CONS 29
JAI 831
COMIX 291

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

8 agus 9 Meitheamh 2023

<u>**CLÁR**</u>

**Leathanach**

<u>GNÓTHAÍ BAILE</u>


1. Glacadh an chláir oibre ........ 5

2. Formheas na míreanna 'A'
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha ........ 5
   (b) Liosta reachtach ........ 6


**RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')**

<u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>


3. Staid ghinearálta limistéar Schengen ........ 6

4. Beartas víosaí: monatóireacht ar chórais taistil gan víosaí ........ 6


**SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE**

<u>**Plé reachtach**</u>


5. An Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce ........ 7

6. An Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn ........ 7

7. Aon ghnó eile ........ 7
   Tograí reachtacha reatha


<u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>


8. Dúshláin slándála a chomhrac: measúnú arna dhéanamh ag an mBord Comhairleach Faisnéise ........ 8

9. An t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ........ 8

10. Rochtain ar shonraí chun an dlí a fhorfheidhmiú go héifeachtach/'gníomhú faoi cheilt' ........ 8

11. Fogha na Rúise faoin Úcráin ........ 8
    (a) Impleachtaí don tslándáil inmheánach
    (b) Cosaint shealadach dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh

12. Gné sheachtrach na himirce lena n-áirítear an staid sa Túinéis ........ 8

13. Conclúidí maidir le hathléimneacht iomlán na sochaí a neartú i gcomhthéacs na cosanta sibhialta, lena n-áirítear ullmhacht do bhagairtí Ceimiceacha, Bitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRN) ....................................... 8

14. Aon ghnó eile ........................................................................................................................ 8
(a) Cruinniú aireachta Phróiseas Brdo, Portorož, an 3 agus an 4 Aibreán 2023
(b) Cruinniú aireachta Ceartas agus Gnóthaí Baile idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe
(Stócólm, an 20 agus an 21 Meitheamh 2023)
(c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta

CEARTAS

**Plé reachtach**

15. Treoir i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail ('Treoir frith-SLAPP') ...................................................................................... 9

16. Treoir lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint ............................................................ 9

17. Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac .................................................................................................... 9

18. Treoir maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais .................................................................................. 9

19. Treoir maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú ....................................................... 10

20. Aon ghnó eile ...................................................................................................................... 10
Tograí reachtacha reatha

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

21. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) ...................................................................... 10

22. Fogha na Rúise faoin Úcráin: imscrúdú agus ionchúiseamh ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais ........................................................................ 10

23. Gnéithe breithiúnacha den choireacht eagraithe a chomhrac: imscrúdaithe éifeachtacha agus cearta bunúsacha .................................................................................... 10

24. Conclúidí ón gComhairle maidir le sábháilteacht daoine LGBTI san Aontas Eorpach ............... 10

25. Aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ............................. 10

26. Aon ghnó eile ..... 10
(a) Cruinniú aireachta Ceartas agus Gnóthaí Baile idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe
(Stócólm, an 20 agus an 21 Meitheamh 2023)
(b) Comhdháil Airí Dlí agus Cirt Chomhairle na hEorpa,
Ríge, an 11 Meán Fómhair 2023
(c) Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú stáit
(i) Athbhreithniú ar an gcinneadh leordhóthanachta don tSeapáin
(ii) Obair leanúnach ar chreat príobháideachais sonraí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe
(d) Scórchlár Ceartais 2023
(e) An Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach Dlí a ghlacadh
Liúibleána, an 15 go dtí an 26 Bealtaine 2023
(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 12

***

**<u>DÉARDAOIN, AN 8 MEITHEAMH 2023</u>**

**<u>GNÓTHAÍ BAILE</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 9917/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 9918/23

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

<u>Gnóthaí Ginearálta</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10. | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhar agus malartú faisnéise i gcúrsaí iomaíochta<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 7.6.2023 | C | 9471/23 + COR 1<br>+ ADD 1<br>9466/23<br>+ ADD 1<br>**<u>+ ADD 1 COR 1</u>**<br>+ ADD 2<br>**<u>+ ADD 2 COR 1</u>**<br>UK |

<u>Gnóthaí Eachtracha</u>

| | | | |
|---|---|---|---|
| 13. | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus rialtas Phoblacht Ioslamach na Máratáine i ndáil leis an Aonad Réigiúnach um Chomhairle agus Comhordú a bhunú agus a oibriú<br>*Glacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 7.6.2023 | | 7858/23 + **<u>COR 1</u>**<br>6951/23<br>6952/23<br>CORLX |

**(b)** **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) — 9919/23

Gnóthaí Ginearálta

| | | |
|---|---|---|
| 1. | **Reacht na Cúirte Breithiúnais**<br>*Cur chuige ginearálta*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 31.5.2023 | 9742/23<br>JUR<br>COUR |

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-Rialachán lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 i ndáil le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 281 CFAE).

Ceartas agus Gnóthaí Baile

| | | |
|---|---|---|
| 2. | **Athbhreithniú ar an Treoir um Chead Aonair**<br>*Cur chuige ginearálta*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 24.5.2023 | 9371/1/23 REV 1<br>+ REV 1 ADD 1<br>9474/23<br>MIGR |

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-Treoir maidir le Cead Aonair (athbhreithnithe) (bunús dlí: Airteagal 79(2) CFAE). Leagtar ráiteas ón Ungáir amach san Iarscríbhinn.

**RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | |
|---|---|---|
| 3. | Staid ghinearálta limistéar Schengen<br>*Malartú tuairimí* | 9504/23<br>10059/23 |
| 4. | Beartas víosaí: monatóireacht ar chórais taistil gan víosaí<br>*Malartú tuairimí* | 9508/23<br>10099/23 |

## SAINCHEISTEANNA EILE MAIDIR LE GNÓTHAÍ BAILE

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**5. An Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce**[1] ◐C 10084/23
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce atá beartaithe, mar a leagtar amach in 10443/23 é. Déantar ráitis ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Ungáir, ó Éirinn agus ó Mhálta mar aon le ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ó Éirinn, ó Lucsamburg agus ón bPortaingéil a leagan amach san Iarscríbhinn. Chuir an Pholainn i gcoinne an bhealaigh chun dul ar aghaidh agus i gcoinne na bhforálacha a moladh sa doiciméad.

**6. An Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn**[1] ◐C 10083/23
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán maidir leis an nós imeachta tearmainn atá beartaithe, mar a leagtar amach in 10444/23 é. Déantar ráitis ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Ungáir, ó Éirinn agus ó Mhálta mar aon le ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin, ó Éirinn, ó Lucsamburg agus ón bPortaingéil a leagan amach san Iarscríbhinn. Chuir an Pholainn i gcoinne an bhealaigh chun dul ar aghaidh agus i gcoinne na bhforálacha a moladh sa doiciméad.

**7. Aon ghnó eile** 9877/23
**Tograí reachtacha reatha**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla.

[1] Go heisceachtúil i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

8. Dúshláin slándála a chomhrac: measúnú arna dhéanamh ag an mBord Comhairleach Faisnéise[1,2]
*Staid na himeartha arna cur i láthair ag Uachtaránacht an Ghrúpa Frithsceimhlitheoireachta (CTG)*

9. An t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[1,2] — 9425/23
*Malartú tuairimí*

10. Rochtain ar shonraí chun an dlí a fhorfheidhmiú go héifeachtach/'gníomhú faoi cheilt'[3] — 9369/23
*Staid na himeartha*

11. Fogha na Rúise faoin Úcráin[4] — 9334/23
(a) Impleachtaí don tslándáil inmheánach
(b) Cosaint shealadach dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh
*Staid na himeartha*

12. Gné sheachtrach na himirce lena n-áirítear an staid sa Túinéis[1,5]
*Staid na himeartha*

13. Conclúidí maidir le hathléimneacht iomlán na sochaí a neartú i gcomhthéacs na cosanta sibhialta, lena n-áirítear ullmhacht do bhagairtí Ceimiceacha, Bitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRN) — 9798/23
*Formheas*

14. Aon ghnó eile
(a) Cruinniú aireachta Phróiseas Brdo, Portorož, an 3 agus an 4 Aibreán 2023 — 9843/23
*Faisnéis ón tSlóivéin*
(b) Cruinniú aireachta Ceartais agus Gnóthaí Baile idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe (Stócólm, an 20 agus an 21 Meitheamh 2023) — 9336/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*
(c) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Cur i láthair ón Spáinn*

---

[2] Tugadh cuireadh do ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh, Europol, agus d'Uachtarán an Ghrúpa Frithsceimhlitheoireachta (CTG) le haghaidh an phointe seo.

[3] Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Europol agus Eurojust, le haghaidh an phointe seo.

[4] Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Europol, Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus Frontex le haghaidh an phointe seo.

[5] Tugadh cuireadh do ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, Frontex agus EUAA, le haghaidh an phointe seo.

**Dé hAOINE, AN 9 MEITHEAMH 2023**

**CEARTAS**

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**15. Treoir i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail ('Treoir frith-SLAPP')** ❶C 9263/23
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe. Leagtar ráiteas ón Ungáir amach san Iarscríbhinn.

**16. Treoir lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint** ❶C 9313/23
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe.

**17. Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac** ❶C 9305/23 + ADD 1-2
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe. Déantar ráitis ón mBulgáir, ón Ungáir agus ón bPolainn agus ráitis chomhpháirteacha ón mBeilg, ón nGréig, ón Iodáil agus ó Lucsamburg, agus ón tSeicia agus ón Eastóin a leagan amach san Iarscríbhinn.

**18. Treoir maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais** ❶C 9312/23
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe.

**19. Treoir maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú** 9314/23
Cur chuige ginearálta

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe.

**20. Aon ghnó eile** 9877/23
**Tograí reachtacha reatha**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

21. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)[6] 7065/23
*Staid na himeartha*

22. Fogha na Rúise faoin Úcráin: imscrúdú agus ionchúiseamh ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais[3] 9315/23
*Malartú tuairimí*

23. Gnéithe breithiúnacha den choireacht eagraithe a chomhrac: imscrúdaithe éifeachtacha agus cearta bunúsacha[3] 9720/23
*Malartú tuairimí*

24. Conclúidí ón gComhairle maidir le sábháilteacht daoine LGBTI san Aontas Eorpach 9656/1/23 REV 1
*Formheas*

25. Aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 9292/23
*Staid na himeartha*

26. Aon ghnó eile
(a) Cruinniú aireachta Ceartas agus Gnóthaí Baile idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe (Stócólm, an 20 agus an 21 Meitheamh 2023) 9336/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*
(b) Comhdháil Airí Dlí agus Cirt Chomhairle na hEorpa, Ríge, an 11 Meán Fómhair 2023 9861/23
*Faisnéis ón Laitvia*

[6] Tugadh cuireadh don Phríomh-Ionchúisitheoir Eorpach le haghaidh an phointe seo.

(c) Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú stáit
  (i) Athbhreithniú ar an gcinneadh leordhóthanachta don tSeapáin
  (ii) Obair leanúnach ar chreat príobháideachais sonraí idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe

*Faisnéis ón gCoimisiún*

(d) Scórchlár Ceartais 2023

*Faisnéis ón gCoimisiún* 10061/1/23 REV 1

(e) An Chomhdháil Taidhleoireachta chun an Coinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach Dlí a ghlacadh Liúibleána, an 15 go dtí an 26 Bealtaine 2023

*Faisnéis ón tSlóivéin*

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta

*Cur i láthair ón Spáinn*

---

An chéad léamh

Mír shrianta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 9917/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'B':** | **An Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce**<br>*Cur chuige ginearálta* |
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'B':** | **An Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Ba mhaith leis an mBulgáir a tiomantas do na hiarrachtaí coiteanna chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht i ndáil leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a dhearbhú. Tá céim chun cinn déanta againn cheana féin trí threoirthionscadal a chur chun feidhme i réimse an tearmainn, an fhillte, an bhainistithe teorainneacha agus an chomhair idirnáisiúnta, rud a fhágfaidh go mbeidh roinnt athruithe ar na cleachtais náisiúnta agus ar an reachtaíocht náisiúnta. Trí thacaíocht a thabhairt don chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le Scagadh agus Rialachán Eurodac, léirigh an Bhulgáir go bhfuil sí toilteanach dul ar aghaidh leis an gComhshocrú freisin.

Creidimid gur cheart, leis an gcóras nua tearmainn, go bhforálfaí d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ba cheart don chóras a bheith feidhmiúil, cothrom agus simplí ó thaobh na hoibríochta de. Ba cheart ábhair imní dhlisteanacha na mBallstát maidir lena suíomh geografach a chur san áireamh agus níor cheart ualach breise díréireach a bheith ar na Ballstáit túslíne. Maidir leis an togra le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, tá imní fós orainn maidir leis na nósanna imeachta teorann a bhaineann leis na huimhreacha le haghaidh acmhainneacht leordhóthanach agus úsáid an fhrása 'údaraigh chun dul isteach'. Maidir leis an togra le haghaidh an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, ba mhaith leis an mBulgáir é dá mbeadh freagairt choiteann ón Aontas freisin ar chásanna ina bhfuil baol ann go mbeidh brú imirce ann. Creidimid gur chun leasa an Aontais é go dtugtar tacaíocht do na Ballstáit túslíne chun teorainneacha a chosaint chun géarchéim na himirce a chosc. Ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh freisin chun na tréimhsí ama cearta a chinneadh le haghaidh scoir agus aistriú freagrachta chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Cé go n-aithnítear a thábhachtaí atá sé dul ar aghaidh leis an athchóiriú, ní féidir leis an mBulgáir, ag an gcéim seo den chaibidlíocht, glacadh leis na téacsanna comhréitigh i ndáil leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a mhol an Uachtaránacht agus staonfaidh sí ón vótáil.

Ina theannta sin, ba mhaith leis an mBulgáir a híogaireacht a chur i gcuimhne maidir le téarmaí a bhaineann le hinscne a úsáid sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Is mór ag Poblacht na Seice iarrachtaí Uachtaránacht na Sualainne an comhréiteach a chaibidil i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena leasaítear Treoir (CE) 2003/109 ón gComhairle agus Rialachán (AE) XXX/XXX atá beartaithe [an Ciste Tearmainn agus Imirce] agus an togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE, ag cur leis an gcoincheap a forbraíodh le linn Uachtaránacht na Seicia ag an am céanna.

Maidir le hAirteagal 7b, pointe 1(ba), den togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena leasaítear Treoir (CE) 2003/109 ón gComhairle agus Rialachán (AE) XXX/XXX atá beartaithe [an Ciste Tearmainn agus Imirce], is díol sásaimh do Phoblacht na Seice, i gcomhréir leis an bhforáil sin, go ndéanfar an brú a eascraíonn as Úcránaigh a bheith i bPoblacht na Seice a chur san áireamh go hiomlán ionas gur féidir Poblacht na Seice a dhíolmhú ón dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile fad a mhairfidh an brú sin, agus é á aithint gur i bPoblacht na Seice atá an líon is airde *per capita* de na daoine atá ag éalú ón gcogadh san Úcráin.

Thairis sin, agus tagairt á déanamh aici do na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023, is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go seolfaidh an Coimisiún Eorpach glao go luath chun tacaíocht airgeadais bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit atá faoi bhrú, go háirithe dóibh siúd a bhfuil an t-ualach is mó orthu maidir le costais leighis, oideachais agus mhaireachtála do dhídeanaithe atá easáitithe as an Úcráin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir tiomanta i gcónaí don athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn; mar sin féin, creidimid gurb é an t-aon réiteach inghlactha é córas a íoslaghdaíonn agus a chuireann deireadh leis na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus a bhfuil sé mar aidhm leis cosc a chur ar dhaoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn maidir le dul isteach san Aontas Eorpach.

Chun córas den sórt sin a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir freagracht agus dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach sa dá dhréachtrialachán.

In ainneoin nach Ballstát túslíne í an Ungáir ó thaobh na himirce neamhdhleathaí de, mar Bhallstát ag a bhfuil teorainneacha seachtracha suntasacha, tá sí fós freagrach as deireadh a chur leis an mbrú imirce atá ar an Aontas Eorpach. Sa bhreis ar an bhfreagracht sin, leis an dréacht-Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn atá ann faoi láthair, chuirfí d'oibleagáid ar an Ungáir leibhéal i bhfad níos airde acmhainneachta a áirithiú chun nósanna imeachta teorann a chur i gcrích ná mar a bheadh ar Bhallstáit eile, rud atá éagórach agus neamhréadúil i bhfianaise ár suímh gheografaigh.

Ó 2015 i leith, tá an Ungáir tiomanta do theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, gan tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi *acquis* Schengen, agus ba cheart na hiarrachtaí sin a aithint mar chineál dlúthpháirtíochta freisin.

Os a choinne sin, leis an gcreat dlíthiúil nua atá beartaithe, ní mheastar gur dlúthpháirtíocht iad acmhainní ó bhuiséid náisiúnta a chaitear ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, ach ina ionad sin forchuirtear oibleagáidí breise maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile agus maidir le bheith freagrach as deireadh a chur leis an imirce neamhdhleathach.

I gcomhréir lenár seasamh comhsheasmhach, ní féidir leis an Ungáir tacú le sásra dlúthpháirtíochta a bhunú atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach agus, dá bhrí sin, ní aontaíonn sí le fritháireamh freagrachta a thabhairt isteach mar ghné éigeantach den chreat dlúthpháirtíochta.

Táimid lánchinnte den ghá atá le córas a fhorbairt a bhfuil sé d'aidhm aige dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí agus deireadh a chur leis an bhfeiniméan sin chomh gar agus is féidir do na tíortha tionscnaimh, lasmuigh den Aontas Eorpach fiú.

Dar linne, ní féidir le ceachtar den dá dhréachtrialachán na cuspóirí thuas a bhaint amach agus ní chruthófaí leo ach tosca tarraingthe breise don imirce neamhdhleathach, rud a d'fhágfadh nach bhféadfaí leas a bhaint as acmhainneacht choincheap an tríú tír shábháilte.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann glacadh le cur chuige ginearálta an dréacht-Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn.'

## RÁITEAS Ó ÉIRINN

'Is díol sásaimh d'Éirinn na Cuir Chuige Ghinearálta atá beartaithe i ndáil leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn agus, de mheon an chomhréitigh, is féidir léi tacú leis an dá cheann acu.

Is de bhun Airteagal 78(2) agus Airteagal 79(2) CFAE atá na bearta sin agus ós rud é go bhfuil na hAirteagail sin faoi Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá feidhm ag Prótacal Uimh. 21 a ghabhann le CAE agus le CFAE. De bhun Phrótacal 21, tá Éire i dteideal páirt a ghlacadh sna bearta atá beartaithe laistigh de 3 mhí tar éis iad a chur faoi bhráid na Comhairle, nó tráth ar bith tar éis ghlacadh na mbeart sin.

Níor fheidhmigh Éire an teidlíocht a bhí aici chun páirt a ghlacadh sna tograí nuair a cuireadh i láthair iad, ach bhí baint ghníomhach aici leis an gcaibidlíocht. Go háirithe, tá iarracht déanta ag Éirinn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le geoiméadracht athraitheach agus tagairtí sna tograí do bhearta nach nglacann Éire páirt iontu.

**Ní féidir leis na tagairtí sin oibleagáid dhearfach a chruthú ar Éirinn bearta a chur i bhfeidhm nach nglacann Éire páirt iontu.** Chun an téacs a dhéanamh níos soiléire a mhéid a bhaineann le neamh-rannpháirtíocht na hÉireann i mbearta foluiteacha áirithe, mhol Éire roinnt mionleasuithe teicniúla spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus ar an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

Ar an drochuair, mar gheall ar a dhéine a bhí an chaibidlíocht agus ar luas na caibidlíochta sin, níorbh fhéidir na mionleasuithe a dhaingniú roimh an gcomhaontú maidir leis na Cuir Chuige Ghinearálta i dtaca leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

Tuigeann Éire, agus is díol sásaimh di, go bhfuil gealltanas tugtha ag an Uachtaránacht aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist níos mó, is é sin, saincheist na geoiméadrachta athraithí, chomh maith le hiarraidh na hÉireann ar líon beag leasuithe teicniúla chun ár seasamh a léiriú, ag céim níos déanaí sa chaibidlíocht. Cé gurbh fhearr le hÉirinn go dtabharfaí aghaidh ar na hábhair shonracha imní atá againn roimh na cuir chuige ghinearálta; agus an uaillmhian chéanna againn féin is atá ag an Uachtaránacht le go mbainfear amach iad, aontóidh Éire, de mheon an chomhréitigh, le cur chuige na hUachtaránachta.'

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Tá an t-athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn ríthábhachtach i gcónaí chun foráil a dhéanamh do chomhroinnt chothrom an ualaigh agus do dhlúthpháirtíocht éifeachtach. I ndáil leis sin, cé go bhfuil Málta buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh, tá Málta den tuairim nach bhforáiltear don chothromaíocht is gá sa chomhréiteach is déanaí i ndáil leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

Mar Bhallstát oileánda beag a bhfuil leochaileachtaí ar leith aici, tá ualach suntasach le sárú cheana féin ag Málta tríd an *acquis* reatha agus déantar, leis na nósanna imeachta a leagtar amach san athchóiriú, freagrachtaí a mhéadú a thuilleadh, lena n-áirítear trí nósanna imeachta teorann éigeantacha agus amlínte méadaithe freagrachtaí, cé go bhfuil an sásra dlúthpháirtíochta solúbtha i gcónaí agus nach dtugann sé na dearbhuithe is gá go gcomhlíonfar go hiomlán na riachtanais a sainaithníodh.

Dá bhrí sin, tá Málta ag staonadh ón gcur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn mar atá siad faoi láthair.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, Ó LUCSAMBURG AGUS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Gabhann an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg agus an Phortaingéil buíochas le hUachtaránacht na Comhairle as a cuid oibre, a rabhthas in ann mar thoradh uirthi, tar éis caibidlíocht a bhí thar a bheith deacair, teacht ar chuir chuige ghinearálta maidir leis na tograí le haghaidh Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn agus Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce ag Comhairle Airí Gnóthaí Baile an Aontais.

Cuireann an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg agus an Phortaingéil in iúl go bhfuil díolúintí ón nós imeachta teorann do mhionaoisigh agus dá mbaill teaghlaigh an-tábhachtach dúinn i gcónaí. Leanfaimid de bheith ag tacú leis sin sa chaibidlíocht thríthaobhach.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 15 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Treoir i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail ('Treoir frith-SLAPP')**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir tiomanta don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chosaint. Dá réir sin, tacaímid le cuspóirí na treorach atá beartaithe. Go háirithe, toisc go n-áirithíonn sí go bhfuil an raon ionstraimí atá ar fáil i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail chomh leathan agus is féidir. Dá bhrí sin, de mheon an chomhréitigh, is féidir linn tacú leis an gcur chuige ginearálta a mhol an Uachtaránacht. Mar sin féin, coimeádaimid ár seasamh go mbeadh sainmhíniú ceart ar 'impleachtaí trasteorann' a bheadh bunaithe ar fhorais oibiachtúla riachtanach chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun imeachtaí a dhéanamh níos intuartha do pháirtithe agus do chleachtóirí dlí araon. D'fhéadfadh léirithe nach bhfuil comhsheasmhach leis na cuspóirí a shaothraítear leis an togra a bheith mar thoradh ar an sainmhíniú sin a fhágáil ar lár.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 17 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**<br>*Cur chuige ginearálta* |

## RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

'Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus is cuid thábhachtach de sin é an comhionannas idir mná agus fir. Táimid tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tá Poblacht na Bulgáire fíorthiomanta do chomhrac an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin in aghaidh na mban. Tá rialtas agus sochaí shibhialta na Bulgáire ag obair go gníomhach chun na cineálacha sin foréigin a chosc agus chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin sin. Measaimid gur cloch mhíle thábhachtach é an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac, maidir le híospartaigh a chosaint agus maidir le ciontóirí a phionósú, a thacóidh le Ballstát an Aontais a reachtaíocht náisiúnta a chur chun cinn.

In 2018, áfach, ghlac Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire cinneadh ina luaitear go ndéantar, le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a chur chun cinn lena mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar thógán sóisialta.
In 2021, ghlac an Chúirt Bhunreachtúil cinneadh eile lena soiléirítear nach bhféadfaí breathnú ar an gcoincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch.

I bhfianaise na gcinntí thuasluaite, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go dtuigtear nach gcuimsítear leis an téarma 'inscne' a úsáidtear sa Treoir agus aon cheann dá téarmaí díorthacha ach an gnéas fireann agus baineann de réir na brí bitheolaíche a bhaineann leo. Dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire freisin nach nglacann sí le coincheap na hinscne agus leis an gcur chuige inscnebhunaithe, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún Iostanbúl. Meastar nach bhfuil na coincheapa sin ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire agus leis an tuiscint dhénártha ar an ngnéas.

Ar deireadh, ní ghlacfaidh Poblacht na Bulgáire ach le haistriú an téarma 'inscne' sa Bhulgáiris mar 'пол' i dtéacs na Treorach.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Tá imní ar an Ungáir faoi bhunús dlí an togra i ndáil leis an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Foráiltear in Airteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go bhféadfaidh 'Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin treoracha arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar thoradh ar chineál nó ar thionchar cionta mar sin nó toisc go bhfuil gá ar leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann.' San Airteagal seo, liostaítear 'coireacht ríomhaireachta' i measc na gcoireanna Eorpacha, mar a thugtar orthu. Mar sin féin, ní féidir a fhorléiriú go gciallódh sé sin go gcuimseodh na cumhachtaí reachtacha a bhunaítear leis an Airteagal seo comhchuibhiú na gcionta coiriúla uile a dhéantar ar líne nó trí ríomhairí a úsáid.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léiriú sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Urramaíonn an Pholainn go hiomlán an ceart chun cóir chomhionann do mhná agus d'fhir, déanann sí a dícheall i gcónaí deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh freisin chun cosaint na n-íospartach a neartú. Ag an am céanna, ní thacaíonn an Pholainn le glacadh an chur chuige ghinearálta maidir leis an dréacht-Treoir iomlán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac mar atá an fhoclaíocht ann agus an nós imeachta faoi láthair.

I bhfianaise na tuairime ó Sheirbhís Dlí na Comhairle, creideann Rialtas na Polainne gurbh é an nós imeachta iomchuí chun an dréacht-Treoir thuasluaite a ghlacadh, cinneadh ón gComhairle a ghlacadh ar dtús chun cur leis an gcatalóg de choireanna Eorpacha faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) mír 3 CFAE. Leis an gcomhchuibhiú atá beartaithe, tagraítear do chionta atá deacair a aicmiú sa ghrúpa seo. Go deimhin, ní féidir a mheas go ndéantar gach cion a luaitear sa togra a chuimsiú go soiléir leis an gcoincheap 'teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí' ná 'coireacht ríomhairí'.

Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú nár éirigh leis an iarracht cur le liosta na gcionta faoi Airteagal 83(1) CFAE chun cion nua 'fuathchaint' a áireamh ann, mar a bheartaítear i ndréacht-Chinneadh COM (2021) 777 ón gComhairle. I ndlí an Aontais Eorpaigh, ní bhaintear leas as coincheap na fuathchoireachta, agus is féidir an tAirteagal 10 atá beartaithe a mheas mar shárú ar nós imeachta aontoilíochta an Chonartha agus dearbhaítear leis barúlacha maidir leis an mbunús dlí mícheart atá ag an dréacht-Treoir seo.

Ag an am céanna, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraítear go sainráite in Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, in Airteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh don chomhionannas idir mná agus fir agus gurb é an téarma 'gnéas' seachas 'inscne' a úsáidtear iontu. Níl sainmhíniú i ndlí bunúsach an Aontais ar an gcoincheap 'inscne', agus dá bhrí sin tá sé fós doiléir agus intuigthe go débhríoch sna Ballstáit. Dá bhrí sin, tá forchoimeádas ag an bPolainn an téarma 'inscne' a úsáidtear i dtéacs an Togra a léiriú mar théarma arb ionann céile é agus an téarma atá gan débhrí agus atá seanbhunaithe i ndlí an Aontais Eorpaigh, is é sin 'gnéas'.

I dtuairim na Polainne, is sampla eile é an tionscnamh seo d'iarracht ar riail vótála na haontoilíochta a shárú agus féachann sé le hinniúlachtaí an Aontais a leathnú gan Conarthaí an Aontais Eorpaigh a leasú. Ní aontaíonn an Pholainn in aon chor leis an gcineál sin cleachtais. Dá réir sin, féachfaidh an Pholainn le deireadh a chur leis na hoibleagáidí a bheidh ag gabháil leis an Treoir má ghlactar í, trí shásraí náisiúnta iomchuí lena ngabhann scrúdú ar bhunreachtúlacht léiriú na Comhairle agus na Parlaiminte ar Chonarthaí an Aontais Eorpaigh, sa raon feidhme maidir leis an deis a cheilt ar an bPolainn gan aontú i gcomhréir leis an riail vótála aontoilíochta in Airteagal 83(1) mír 3 CFAE. Dá bhrí sin, i dtuairim na Polainne, is gníomh *ultra-vires* de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh é nach féidir a bheith ceangailteach ar na Ballstáit.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBEILG, ÓN nGRÉIG, ÓN IODÁIL AGUS Ó LUCSAMBURG**

'Ráiteas comhpháirteach ón mBeilg, ón nGréig, ón Iodáil agus ó Lucsamburg do mhiontuairiscí Coreper agus na Comhairle maidir leis an gcur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.

Tacaíonn an Bheilg, an Ghréig, an Iodáil agus Lucsamburg go láidir leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Is sciúirse é foréigean inscnebhunaithe, agus go háirithe foréigean gnéasach, nach mór aghaidh a thabhairt air ag obair le chéile. Tá sé léirithe go bhfuil an cineál sin foréigin chomh fite fuaite sin inár sochaí nach leor a thuilleadh an fhreagairt náisiúnta den chineál atá forleathan cheana féin ar fud na hEorpa. Is cúis imní iad i gcónaí na figiúirí agus tá gníomhaíocht chomhpháirteach ag teastáil anois.

Anuas air sin, tacaímid leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht chun teacht ar chur chuige ginearálta ag Comhairle CGB an 9 Meitheamh 2023.

Mar sin féin, is oth linn go mór an easpa uaillmhéine polaitiúla maidir le coiriúlú chion an éignithe. Go háirithe, ní aontaímid leis an anailís atá déanta ag roinnt Ballstát nár leor an bunús dlí sna conarthaí chun rialacha íosta a bhunú maidir le cion an éignithe.

Sa tuairim uaithi, dúirt Seirbhís Dlí na Comhairle 'go bhféadfadh an Chomhairle [...] a roghnú léamh níos forleithne ar an mbunús dlí maidir le teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí a fhormhuiniú, ar bhonn dhá ghné [...], eadhon i) úsáid a bhaint as an gcónasc comhordúcháin 'agus' sa tuairisc ar réimse na coireachta in Airteagal 83(1) CFAE, agus ii) gur léir, sa Treoir maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí agus Teacht i dTír Gnéasach ar Leanaí, go ndearnadh bunús dlí an choincheapa 'teacht i dtír gnéasach ar leanaí' a léiriú go forleathan agus a úsáid chun rialacha íosta a chur ar bun maidir le cion inar lú an ghné dhúshaothraithe ach ina bhfuil sí dírithe ar fhoréigean a úsáid mar chineál mí-úsáide gnéasaí.' Tá cumraíocht na sochaí de chineál a fhágann, gan amhras, go ndéantar bean nó leanbh níos leochailí d'fhoréigean gnéasach agus gur leochaileacht í i leith mí-úsáide is féidir a thoimhdiú. Tugann an cur chuige seo údar le réasúnú atá cosúil leis an réasúnaíocht a glacadh sa Treoir maidir le Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí, Airteagal 3, mír 5, (iii).

I bhfianaise éabhlóid shuaiteach an fhoréigin inscnebhunaithe le 20 nó 30 bliain anuas, ní dócha go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na cineálacha coireanna sin gan gníomhaíocht bhreise ón Aontas. Dá bhrí sin, is oth linn go mór gur cailleadh an deis seo chun rialacha íosta a leagan síos maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT NA SEICE AGUS ÓN EASTÓIN**

'Tacaíonn Poblacht na Seice agus an Eastóin go huile agus go hiomlán leis na haidhmeanna i ndáil le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Mar sin féin, ba mhaith linn aird a tharraingt ar ár n-imní maidir le fasach a d'fhéadfadh a bheith á leagan síos le léiriú leathan ar réimse na coireachta ríomhaireachta de réir bhrí Airteagal 83 mír 1 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE' nó 'Conradh'). Leis an bhforáil sin, tugtar inniúlacht don Aontas rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar chineál na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá faoi leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann. Chuir dréachtóirí an Chonartha san áireamh an gá sonrach atá le gnéithe bunúsacha na gcóras ceartais choiriúil náisiúnta a chosaint, mar is léir ó Airteagal 83 mír 3 CFAE. Cuirtear béim air sin freisin in Airteagal 67 mír 1 CFAE ina leagtar béim go sainráite ar an ngá atá ann córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát a urramú, ar córais agus traidisiúin iad lena léirítear go dtagann cúrsaí Ceartais agus Gnóthaí Baile faoi chuimsiú phríomhréimse cheannasacht na mBallstát.

Leis an liosta de *choireanna Eorpacha*, mar a thugtar orthu in Airteagal 83, mír 1 CFAE, cumhdaítear aon réimse déag coireachta, ar fiú cur chuige coiteann de chuid an Aontais ina leith mar gheall ar a gcineál fíorthromchúiseach agus an ghné thrasteorann is gnách a bheith acu. Ní féidir an liosta sin a shíneadh ach le cinneadh d'aon toil ón gComhairle tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Agus an méid sin á chur san áireamh, níor cheart léiriú leathan a dhéanamh ar léiriú an liosta de *choireanna Eorpacha*.

Ar leibhéal an Aontais, tá dhá ionstraim dlí bunaithe ar Airteagal 83 mír 1 CFAE maidir le réimse na coireachta ríomhaireachta – Treoir 2019/713 agus Treoir 2013/40/AE. Cuimsíonn an dá ionstraim sin cionta nach féidir a dhéanamh ach amháin trí theicneolaíocht a úsáid, i gcás inarb iad na feistí an uirlis chun an choir a dhéanamh agus sprioc na coire (coireacht chibirspleách). Leanann an togra le haghaidh Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac loighic éagsúil, ní gá an teicneolaíocht féin chun cion coiriúil a dhéanamh ach úsáidtear í chun scála nó raon na gcoireanna 'traidisiúnta' (coireacht chibearchumasaithe) a mhéadú.

Dá bhrí sin, dá léireofaí 'coireacht ríomhaireachta' sa chaoi is go gcumhdófaí gach gníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh le córas ríomhaireachta, thabharfadh sé sin inniúlacht neamhtheoranta don Aontas Eorpach iompar éagsúil nach mbaineann le haon réimse eile cionta a liostaítear cheana in Airteagal 83 mír 1 CFAE a choiriúlú gan ach é a lua gur féidir gníomhartha den sórt sin a dhéanamh trí chóras ríomhaireachta. Ní hamháin go leathnódh sé sin raon feidhme inniúlachtaí an Aontais go suntasach, ach d'fhéadfadh éifeacht iarmharta a bheith aige, toisc go mbeadh ar na Ballstáit a bhfuil an reachtaíocht sin á cur chun feidhme acu a áirithiú go mbeadh a ndlí coiriúil ina iomláine comhleanúnach. Dá bhrí sin, is é is dóichí go ndéanfaí cionta nua mar sin a thrasuí ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a chiallódh, in ainneoin na tagartha i reachtaíocht an Aontais don chion atá á dhéanamh trí chóras ríomhaireachta, go bhféadfaí cineálacha eile ciona mar sin a chumhdach le trasuí náisiúnta freisin.

Tá Airteagal 10 maidir le gríosú chun fuatha ar cheann de na samplaí sin. B'fhearr dá ndéanfaí na híoscheanglais maidir le gríosú chun fuatha a bhunú tar éis comhaontú a bheith déanta an liosta de *choireanna Eorpacha* a leathnú in Airteagal 83, mír 1 CFAE. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí forléargas cuimsitheach a fháil ar an *acquis* atá ann cheana chun a áirithiú go mbeadh na cionta dea-fhoirmlithe, go gcumhdófaí na cineálacha gríosaithe is tromchúisí agus nach sárófaí an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.'

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9919/23</u>**

**<u>Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':</u>**

**Athbhreithniú ar an Treoir um Chead Aonair**
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Ba mhaith leis an Ungáir a chur in iúl go láidir gur mór aici iarrachtaí na hUachtaránachta teacht ar chomhréiteach sa Chomhairle maidir leis an athmhúnlú.

Mar sin féin, tá eilimintí fós sa togra nach bhfuil ag teacht leis an seasamh atá againn. Táimid i gcoinne aon iarrachtaí soghluaisteacht na n-oibrithe a spreagadh laistigh de na Ballstáit, iarrachtaí a chruthaíonn dúshlán tromchúiseach do thíortha an réigiúin seo againne. Le hathmhúnlú na Treorach, chuirfí srian breise ar an scóip a bheadh ann, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht stádas a athrú agus tréimhsí dífhostaíochta a cheadú.

Ba cheart inniúlachtaí náisiúnta a choinneáil chun a áirithiú gur féidir, leis na cinntí a ghlacfar, freagairt go solúbtha ar riachtanais an mhargaidh saothair agus ar aon athruithe ar na riachtanais sin, agus na dálaí éagsúla eacnamaíocha, geografacha, cultúrtha agus sóisialta á gcur san áireamh. Measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach an tsaoirse a fhágáil ag na Ballstáit a chinneadh cé a fhéadfaidh dul isteach ar a gcríoch chun obair a dhéanamh, agus cé na coinníollacha agus cén nós imeachta maidir le ligean isteach a bheidh i gceist. Dá bhrí sin, ba mhaith linn an seasamh daingean atá againn a chur i bhfios go láidir, nach measann an Ungáir gur gá nó gurb iomchuí na rialacha ábhartha i réimse na himirce dleathaí a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus i ndáil leis an méid sin ba mhaith linn an seasamh atá againn maidir leis an imirce dhleathach i gcoitinne a athdhearbhú.

Aithnímid gur as caibidlíocht chuí a d'eascair an comhréiteach ar thángthas air. Ar na cúiseanna thuasluaite, áfach, staonann an Ungáir ó ghlacadh an chur chuige ghinearálta.'